C/2024/673

9.1.2024

Foilsiú an doiciméid aonair dá dtagraítear in Airteagal 94(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus na tagartha d'fhoilsiú na sonraíochta táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona.

(C/2024/673)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Ruster Ausbruch'

PDO-AT-02769

Dáta cur i bhfeidhm: 26.4.2021

1. **Ainm(neacha)**

Ruster Ausbruch

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonnta**

'Ruster Ausbruch' (ATFC)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá an téarma traidisiúnta 'Ausbruch' á chosaint le haghaidh na hOstaire. Is i mbardas Rust ar bhruach Neusiedlersee in Burgenland a táirgeadh 'Ausbruch' den chuid is mó. Ar an gcúis sin, tá cosaint á lorg don téarma traidisiúnta 'Ausbruch' i gcomhar leis an sonrúchán tionscnaimh 'Rust' mar 'Ruster Ausbruch' (ATFC).

Is cineál speisialta fíona mhilis é 'Ruster Ausbruch' (ATFC) a dhéantar as cineál amháin fíonchaor bán nó níos mó, agus ardcháilíocht iontu.

Bíonn tionchar ag *Botrytis cinerea* ar na fíonchaora bána agus iad fós ar an bhfíniúin. Múnlaítear an fungas sin go háirithe i gceantair ina gcruthaítear na coinníollacha is fearr de bharr samhradh te, fómhar bog agus an taise a bhíonn ann de bharr ceo a a chruthaítear ó dhobharlach in aice láimhe. Bogann an fungas na caora agus is é an toradh a bhíonn air sin seargadh mar bheadh rísín ann, agus tiúchan an aigéid, an tsiúcra, an eastóscáin agus an dea-bholaidh dá bharr sin. Tá 'Ruster Ausbruch' (ATFC) an-dlúth mar gheall ar an méadú ar an gcion gliocróil a eascraíonn as sin agus tugann sin dó a shaindath atá idir ór agus ómrabhuí. Bíonn cion siúcra nádúrtha thar a bheith ard san úrfhíon do 'Ruster Ausbruch' (ATFC) mar thoradh ar thiúchan an tsiúcra sna caora. Níl fíonta 'Ruster Ausbruch' (ATFC) coipthe go hiomlán agus, dá bhrí sin, is saintréith eile dóibh cion ard siúcra iarmharaigh, rud a fhágann gur blas milis atá ar 'Ruster Ausbruch' (ATFC). (Ní mór an cion siúcra neamhchoipthe a bheith ag freagairt don sonrúchán 'milis') Is iad na saintréithe a bhaineann le boladh agus blas 'Ruster Ausbruch' (ATFC) dea-bholaithe torthaí triomaithe, meala, almóinní caramalaithe agus torthaí coimhthíocha, amhail bananaí aibí.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	15
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	5,0

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Aigéadacht iomlán íosta	4,0 ghram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	40
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	400

5. **Cleachtais fíon oireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. 'Ruster Ausbruch' (ATFC)

Cleachtas saothraithe

Is fíon é 'Ruster Ausbruch' (ATFC) a dhéantar as fíonchaora atá botraíteasaithe den chuid is mó, iad seargtha ar an morgóir, agus ar fíonchaora iad a bhfuil meáchan úrfhíona 30° Klosterneuburger Mostwaage ar a laghad ina gcuid sú (scála Klosterneuburg an mheáchain úrfhíona). Níor cheart an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 2,4 g/l (40 milleachchoibhéis in aghaidh an lítir).

Níor cheart 'Ruster Ausbruch' (ATFC) a mhilsiú, agus ní mór gur trí chur isteach ar an gcoipeadh amháin a dhéantar an siúcra iarmharach a tháirgeadh. Níor cheart 'Ruster Ausbruch' (ATFC) a shaibhriú.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. 'Ruster Ausbruch'

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Bardas Rust ar bhruach Neusiedlersee

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Blütenmuskateller

Bouvier

Chardonnay – Morillon

Frühroter Veltliner – Malvasier

Furmint

Goldburger

Grauer Burgunder – Pinot Gris

Grauer Burgunder – Ruländer

Grüner Veltliner – Weißgipfler

Jubiläumsrebe

Muscaris

Muskat-Ottonel

Muskateller – Gelber Muskateller

Muskateller – Roter Muskateller

Müller-Thurgau – Rivaner

Neuburger

Roter Veltliner

Rotgipfler

Sauvignon Blanc

Scheurebe – Sämling 88

Souvignier gris

Sylvaner – Grüner Sylvaner

Traminer – Gelber Traminer

Traminer – Gewürztraminer

Traminer – Roter Traminer

Weißer Burgunder – Klevner

Weißer Burgunder – Pinot Blanc

Weißer Burgunder – Weißburgunder

Weißer Riesling – Rheinriesling

Weißer Riesling – Riesling

Welschriesling

Zierfandler – Spätrot

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

'Ruster Ausbruch' (ATFC)

Ithir: saintréith den chré i dtuaisceart bhardas Rust is ea ithreacha aolchloiche donna ag a bhfuil ciseal barr dúrabháin lena mbaineann éagsúlacht tiús. (Dá ghaire do Neusiedlersee an fíonghort is ea is tibhe an ciseal dúrabháin.) Is ithreacha siliciúla comhdhéanta de scealla síonchaite is mó atá le fáil i ndeisceart an bhardais.

An aeráid: Tá Rust suite i gcrios aeráide na Panóine, crios dar saintréith bhunúsach samhradh te, tirim agus geimhreadh fuar tirim. Ina theannta sin, leis an ráta ard galaithe ó Neusiedlersee (loch steipe atá an-éadoimhin agus te), in éineacht leis na teochtaí te seasmhacha san fhómhar ann, tugtar gné speisialta don aeráid.

Gné dhaonna: is córas traenála ardsaothraithe é an gnáthmhodh saothraithe fíonghort san Ostair, ar córas é ina dtugtar aire do na fíniúna de láimh den chuid is mó (prúnáil, bainistíocht ceannbhrat, tanú braislí, etc.), agus úsáidtear an modh saothraithe sin i limistéar 'Ruster Ausbruch' (ATFC) freisin. Mar sin féin, an rud atá speisialta faoin gcaoi a dtáirgtear 'Ruster Ausbruch' (ATFC), is féidir é a aithint ar an obair a dhéantar roimh an mbuaint agus lena linn.

Roghnaítear na fíonchaora botraíteasaithe de láimh i roinnt mámanna, toisc nach go haonfhoirmeach i gcónaí a bhíonn na fíonchaora botraíteasaithe. Dá bhrí sin, ní mór na triopaill oiriúnacha a spriocdhíriú agus a 'scor amach' de láimh (is é sin an t-ainm 'Ausbruch' [go deimhin: 'briseadh']).

Nasc: Is cineál speisialta fíona mhilis é 'Ruster Ausbruch' (ATFC) ina ndéanann *Botrytis cinerea* difear do na fíonchaora agus iad fós ar an bhfíniúin agus ina mbaintear iad ar bhealach roghnaitheach, de láimh. Múnlaítear an fungas sin go háirithe i gceantair ina gcruthaítear na coinníollacha is fearr de bharr samhradh te, fómhar bog agus an taise a bhíonn ann de bharr ceo a a chruthaítear ó dhobharlach in aice láimhe. Scriosann an fungas sraitheanna seachtracha na gcaor, agus galaíonn na comhpháirteanna leachtacha ar laethanta te, tirime dá réir. Mar thoradh ar an 'lobhadh uasal' sin, déantar na fíonchaora a sheargadh agus a thriomú ar an bhfíniúin, rud a fhágann na dea-bholaithe agus na siúcraí an-tiubhaithe. Is cuidiú le forbairt an lobhaidh uasal iad aeráid na Panóine, éifeacht rialaithe taise an locha, aerú na bhfíonghort, agus an fómhar éadrom. Le saintréithe na haeráide — go háirithe an galú ó Neusiedlersee — agus leis na ceanglais shonracha a eascraíonn aisti maidir leis an gcaoi a mbuaintear na fíonchaora, seachas na dálaí ithreach, imrítear tionchar ar bhlas agus ar thréithe na bhfíonta. Tar éis éirí do cheochán fionnuar na maidine ó Neusiedlersee, luíonn sé ar na fíniúnacha, agus is ansin a chruthaítear an bonn idéalach don fhungas a mbíonn an-tóir air. Bogann an fungas na caora agus is é an toradh a bhíonn air sin seargadh mar bheadh rísín ann, agus tiúchan an aigéid, an tsiúcra, an eastóscáin agus an dea-bholaidh dá bharr sin. Tá 'Ruster Ausbruch' (ATFC) an-dlúth mar gheall ar an méadú ar an gcion gliocróil a eascraíonn as sin agus tugann sin dó a shaindath atá idir ór agus ómrabhuí.

Dá bhrí sin, i mBardas Rust, maidir leis na coinníollacha le haghaidh an tsonrúcháin traidisiúnta 'Ausbruch', i gcomhar leis na coinníollacha le haghaidh tháirgeadh na bhfíonta, is féidir teacht ar an gconclúid go dtugtar údar leis an ainm geografach 'Rust' a chomhcheangal leis an téarma traidisiúnta 'Ausbruch' chun 'Ruster Ausbruch' a chruthú, sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint de réir bhrí Airteagal 93(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

'Ruster Ausbruch' (ATFC)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór 'Ruster Ausbruch' (ATFC) a bhuidéalú i Rust. Déantar é sin chun a áirithiú go gcomhlíontar agus go bhfíoraítear na coinníollacha sonracha táirgthe. Ós rud é go dtáirgtear méid an-difriúil 'Ruster Ausbruch' (ATFC) ó am go chéile mar thoradh ar dhifríochtaí i ndálaí aimsire, bheadh baol ann go gcuirfí isteach ar an mbuidéil dá ndéanfaí an buidéalú lasmuigh den Rust.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.bml.gv.at/themen/landwirtschaft/landwirtschaft-in-oesterreich/pflanzliche-produktion/wein/Weinherkunft.html